

PREASRÁITEAS – TUARASCÁIL FAIREACHÁIN  
AN COIMISINÉIR TEANGA

**Embargo: 12/8/20 07:00am.**

Níl ach 35 Garda le Gaeilge lonnaithe i stáisiúin Ghaeltachta de réir chóras féinmheasúnaithe na heagraíochta. Sin as 99 Garda san iomlán atá ar stáisiún sa Ghaeltacht. Deir an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, gur léir anois nach bhfuil moltaí imscrúdaithe a rinneadh in 2011 ar an ábhar seo curtha i bhfeidhm mar ba chóir.

Agus Tuarascáil Faireacháin Oifig an Choimisinéara Teanga don bhliain 2019 á seoladh aige inniu, dúirt an Coimisinéir Teanga, “...is cosúil go bhféadfadh sé gurb é an toradh a bheidh ar an easpa dul chun cinn seo ná tuarascáil ar an ábhar a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Sin de réir an dualgais atá leagtha orm nuair nach gcuirtear moltaí atá in imscrúdú i bhfeidhm tar éis achar réasúnta ama. Ba dheacair a áitiú nach bhfuil achar réasúnta ama caite ó rinneadh moltaí in imscrúdú in 2011 maidir leis an nGarda Síochána ag comhlíonadh a ndualgas faoi Acht an Gharda Síochána gur Gardaí le Gaeilge atá ar stáisiún sa Ghaeltacht, a mhéad is atá sin indéanta.

Léirítear sa Tuarascáil Faireacháin chomh maith go raibh 75% de na comharthaí ag na 10 n-ionad oidhreachta a scrúdaíodh ag cloí le riachtanais na reachtaíochta, ach go raibh os cionn 40% de na comharthaí in ollscoileanna faoi scáth Ollscoil na hÉireann i mBéarla amháin. Scrúdaíodh suíomhanna gréasáin de chuid na n-údarás áitiúil, scéimeanna teanga na mBord Oideachais agus Oiliúna agus seirbhísí idirghníomhacha Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith mar chuid den iniúchadh.

Dúirt an Coimisinéir Teanga go raibh súil aige go gcuirfeadh an láidriú atá geallta a dhéanamh sa Chlár Rialtais ar Acht na dTeangacha Oifigiúla deireadh leis an gconstaic atá ar fhaireacháin gníomhach a dhéanamh ar aon fhoráil in achtacháin eile a bhaineann le húsáid na Gaeilge, amhail an tAcht Oideachais, an tAcht um Pleanáil agus Forbairt agus an tAcht Craolacháin, 2009. Is trí imscrúdú amháin is féidir leis an gCoimisinéir aon neamh-chomhlíonadh a líomhnaítear a fhiosrú i láthair na huaire.

Tá fáil ar an Tuarascáil Faireacháin iomlán [anseo](#).

Tuilleadh eolais: **Órla de Búrca Stiúrthóir Gníomhach.** 091 504006 087 230 7182